

**Ábhar**

**Ilteangachas**

**Mír Éisteachta**

**Ailín Ní Chonchúir ag caint faoin  
ilteangachas**

**Curtha in oiriúint do mhic léinn Ghaeltachta**

Ní cúrsa teagaisc ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfaí a bhunú ar théacsanna éagsúla d'fhonn is na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin**.



# Ilteangachas

Beidh tú ag éisteacht le hAilín Ní Chonchúir ag cur síos ar an taithí a bhí aici mar dhuine dátheangach.

## Réamhobair

### Plé

- Cad a chiallaíonn dátheangachas / ilteangachas duitse?
- Déan cur síos ar na teangacha atá agat agus ar an taithí atá agat mar dhuine ilteangach.
- Cén dearcadh a bhíonn ag daoine fút nuair a thuigeann siad gur duine ilteangach tú? An mbíonn dearcadh difriúil ann faoi na teangacha difriúla atá agat?
- Ar chothaigh an dátheangachas aon deacrachtaí / dúshláin duitse i do shaol go dtí seo?
- Conas a dhéanfaí cur síos ar do chuid láidreachtaí / laigí sna teangacha atá agat? Smaoinigh ar na ceithre scil teanga anseo – léamh, scríobh, labhairt, éisteacht.

### Tasc

Bí ag obair le duine eile agus scríobhaigí cur síos gearr ar an íomhá, dar libh, atá ann den Ghaeilge sa lá atá inniu ann.

## Éisteacht

An chéad uair a éistfidh tú leis an mír díreach ar an gceist seo:

Cad atá á rá sa mhír seo? Déan achoimre an-ghearr uirthi.

An dara huair a éistfidh tú leis an mír, éist chun eolas níos mine a fháil agus aimsigh freagraí na gceisteanna seo:

- Cad iad na rudaí maidir le dearcadh daoine a chuir iontas ar Ailín?
- Cén cur síos a dhéanann sí ar Mharacó?
- Cad é an cur síos a dhéanann sí ar scileanna teanga an duine as an nGaeltacht?

## Feasacht Teanga

‘Chuirte ceisteanna orm’

Cén aimsir den bhriathar atá sa fhrása thuas?

Scríobh na briathra idir lúibíní sa sliocht thíos as an téipscript san aimsir chéanna:

...agus an ceann ba mhó a (cuir) iontas orm ná cara liom ó lár tíre a (abair) ag cóisirí nuair a (bí) ag iarraidh ar dhaoine amhrán a chanadh nó siamsaíocht éigin is dócha a dhéanamh, (cas) sí chugamsa agus (abair) sí *Say something in Irish* amhail is gur saghas cleas éigin a bhí ann. Is chuir sé seo ana-iontas orm, caithfidh mé a rá. Agus uair amháin chomh maith (cuir) in aithne mé mar *This is Ailín, she speaks Irish*. Agus sin an rud a (abair) chun mé a chur in aithne.

Féach ar na samplaí thíos den tuiséal ginideach as an téipscript. I ngach cás abair cén fáth a bhfuil an ginideach i gceist agus cén fáth a bhfuil an t-athrú a rinneadh ar an ainmfhocal amhlaidh. Abair chomh maith an bhfuil an t-ainmfhocal atá i gceist firinsneach nó baininsneach – conas a bhíonn a fhios agat?

Ar dtús pléigh na focail seo – an dtuigeann tú iad?

réamhfhocal, réamhfhocal comhshuite, ainm briathartha, ainmfhocal, alt, cainníocht, caolú.

freagra na ceiste  
daonra an domhain  
cúrsaí eolaíochta  
a chuid oideachais  
roinnt Fraincise  
cás na Gaeltachta  
cainteoir dúchais  
muintir na háite  
ag scríobh na teanga

## Iarobair

### Plé

- An bhfuil aon athrú tagtha ar an sainmhíniú a thug tú ar an dátheangachas níos luaithe, tar éis éisteacht leis an mír seo?
- ‘an Caighdeán Oifigiúil atá difriúil leis an gcanúint’

Cad iad na slite a bhfuil an Caighdeán Oifigiúil difriúil ó do chanúint féin?

- Cé chomh líofa is a chaithfeá a bheith chun go bhféadfá duine dátheangach a ghlaoch ort féin? An gá litearthacht a bheith agat i dteanga chun a bheith ‘líofa’ sa teanga sin?
- Féach ar na cuir síos seo ar an gcumas atá ag daoine éagsúla i dteangacha éagsúla. Pléigh iad le duine eile i gcomhthéacs an phlé a bhí agaibh faoi cad is brí le hilteangachas / dátheangachas.
  - Duine a tógadh le Béarla ach a d’fhoghlaim Gaeilge ar scoil. Fuair sé C sa Ghaeilge san Ardteist (gnáthleibhéal).

- Duine Gaeltachta a tógadh le Gaeilge ach nach bhfuil in ann an teanga a scríobh.
- Duine a tógadh le Béarla agus a bhfuil go leor frásaí Fraincise aige chun saoire a chaitheamh sa Fhrainc gan stró (ábalta bia a ordú, beannú do dhaoine, treoracha a lorg).
- Duine atá in ann Spáinnis a léamh ach nach bhfuil in ann é féin a chur in iúl sa chaint.
- Duine atá líofa sa Ghaeilge ach atá thar a bheith míchruinn sa mhéid a deir sé.

### **Tascanna**

- Scríobh cur síos ar na scileanna atá agat sna teangacha éagsúla atá agat.
- Scríobh plean chun feabhas a chur ar do chumas sna scileanna éagsúla teanga: léamh, éisteacht, labhairt agus scríobh.

## Téipscript

Is cuimhin liom nuair a thosaíos sa Choláiste nuair a bhíos seacht mbliana déag d’aois gurb in an chéad uair a chonac mé féin trí shúile daoine eile mar dhuine dátheangach. Agus is cuimhin liom go mór mór an t-iontas a bhíodh ar dhaoine ar comhaois liom féin go raibh dhá theanga agam. Chuirte ceisteanna orm nár chuir éinne orm riamh go dtí sin i mo shaol – rudaí ar nós ‘ach conas go bhfuil dhá theanga agat?’ agus ‘conas a roinneann tú an dá theanga i d’aighe?’ agus ‘an raibh an Béarla deacair duit ar scoil?’ agus ‘cén teanga a bhíonn i do chuid taibhreamh?’. Agus an ceann ba mhó a chuireadh iontas orm ná cara liom ó lár tíre a deireadh ag cóisirí nuair a bhítí ag iarraidh ar dhaoine amhrán a chanadh nó siamsaíocht éigin is dócha a dhéanamh, chasadh sí chugamsa agus deireadh sí *Say something in Irish*, amhail is gur saghas cleas éigin a bhí ann. Is chuir sé seo ana-iontas orm, caithfidh mé a rá. Agus uair amháin chomh maith cuireadh in aithne mé mar *This is Ailín, she speaks Irish*. Agus sin an rud a dúradh chun mé a chur in aithne.

Agus rud eile ansin ná bhíodh daoine ag iarraidh orm rudaí beaga a aistriú dóibh agus bhíodh saghas díomá nó iontas orthu nuair ná bíodh an téarma Gaeilge ar bharr mo theanga agam, agus is cuimhin liom duine éigin a bheith ag rá liom uair amháin ‘bhuel tá Gaeilge ó dhúchas agat, canathaobh ná beadh focal agat sa teanga san nó canathaobh ná beadh focal agat ar ghnéithe áirithe, n’fheadar, rudaí casta cosúil le heolaíocht agus dlí agus leigheas agus rudaí mar sin. Agus ní raibh freagra na ceiste agam, caithfidh mé a rá, agus chuir sé ag cuimhneamh mé agus blianta ina dhiaidh sin ansin thosaíos ag léamh rudaí faoin dátheangachas agus thuigeas gur rud...ar dtús...gur rud nádúrtha comónta é agus go bhfuil formhór mór de dhaonra an domhain dátheangach agus nach bhfuil aon rud neamhghnách mar gheall air. Ach an rud is spéisiúla domsa go pearsanta ná go mbíonn láidreachtaí nó scileanna éagsúla ag daoine dátheangacha sna teangacha éagsúla atá acu agus gur annamh a bhíonn an duine dátheangach chomh cumasach céanna sa dá theanga. Agus thug sé seo saghas faoiseamh dom ar shlí, agus thug sé fráma dom do na tuiscintí agus don taithí a bhí agam féin agus thuigeas don chéad uair riamh i mo shaol nach rud ró-neamhghnách é mura bhfuil focal Gaeilge agamsa ar rudaí a bhaineann leis an saol taobh amuigh den bhfearann pearsanta – focail a bhaineann le cúrsaí eolaíochta, agus cúrsaí leighis agus an réalteolaíocht agus rudaí mar sin, mar nach é sin an úsáid a bhíos ag baint as an teanga go dtí sin. Agus bhíos ag léamh ansin sampla den dátheangachas agus an sampla a tugadh ná Maracó agus bhíodar ag caint ar chainteoir dúchais b’fhéidir don teanga Berber ach a bheadh líofa chomh maith san Arabais labhartha ach b’fhéidir nach mbeadh sé liteartha...nó b’fhéidir nach mbeadh litearthacht aige nó b’fhéidir nach mbeadh sé ábalta aon cheann den dá theanga sin a scríobh. Agus nuair a gheobhadh sé ansin a chuid oideachais is tríd an Arabais caighdeánach nua-aimseartha... an Arabais chaighdeánach nua-aimseartha...a bheadh an t-oideachas sin agus d’úsáidfeadh sé an teanga sin i gcomhair scríbhneoireachta agus i gcomhair rudaí foirmeálta agus go mb’fhéidir go mbeadh roinnt Fraincise aige chomh maith. Agus bhíos ag cuimhneamh go bhfuil sé sin ana-chosúil le cás na Gaeltachta. Má thógann, má fhéachann tú ar an gcainteoir dúchais, beidh a chanúint féin aige a labhróidh sé lena chlann agus lena chomharsana agus le muintir na háite. Ach beidh, déanfaidh sé saghas maolú ar a chanúint ansin nó labhróidh sé saghas Gaeilge beagáinín beag níos simplí nó nach bhfuil chomh canúnach céanna le daoine b’fhéidir ó cheantair eile Ghaeltachta nó foghlaimoirí Gaeilge. Nuair atá sé ag scríobh na teanga caithfidh sé

úsáid a bhaint as an gCaighdeán Oifigiúil atá difriúil leis an gcanúint – má tá an Caighdeán sin ar eolas aige. Beidh Béarla aige gan dabht agus chomh maith leis sin tá seans láidir go bhfuil staidéar déanta aige ar theanga eile Eorpach chomh maith.